

Preasráiteas Press release 07.09.2022	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 2.
--	--	--

Éimear Ní Ghallachóir ceaptha ina hoifigeach pleanála teanga ag Gaeilge Iorrais

Tá Éimear Ní Ghallachóir ceaptha ina hoifigeach pleanála teanga ag Gaeilge Iorrais mar chuid de shocrú post-roinnte i gcomhar leis an Dr Laoise Ní Dhúda. Is as Ros Dumhach ó dhúchas í Ní Ghallachóir agus a bhain céim amach le deanaí in Ollscoil na Gaillimhe, áit a ndearna sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an Dlí. Tá suim faoi leith ag Éimear i gcanúintí na háite seo agus i gcur chun cinn na Gaeilge i measc na n-óg. Tá sí ag súil go mór le bheith ag obair go háitiúil agus a bheith ag plé le forbairt na Gaeilge sa cheantar seo.

Tá Gaeilge Iorrais, an coiste stiúrtha pleanála teanga i dTuaisceart Mhaigh Eo, freagrach as borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge sa cheantar Gaeltachta seo de réir a chéile. Tá an-dul chun cinn déanta ag Gaeilge Iorrais go dtí seo, a bhuíochas le tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail. Tá clár imeachtaí an fhómhair á socrú againn faoi láthair. I measc na n-imeachtaí atá ar bacáin againn tá; comhordú ar chlár ranganna Gaeilge, an Diplóma sa Ghaeilge a réachtáil faoi scáth Ollscoil na Gaillimhe, tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta an cheantair agus imeachtaí a chur ar fáil don aos óg, club UISCE ina measc.

Coinnigh súil ar ár leathanach Facebook, Instagram agus Twitter @GaeilgeIorrais agus ar www.gaeilgeiorrais.ie don nuacht is déanaí.



Éimear Ní Ghallachóir appointed as a Language Planning Officer for Gaeilge Iorrais

Éimear Ní Ghallachóir has recently been appointed as a language planning officer with Gaeilge Iorrais, as part of a job share arrangement with Dr Laoise Ní Dhúda. Ní Ghallachóir hails from the local village of Rossport and has recently graduated from the University of Galway, where she studied Irish and Law. Éimear has a particular interest in the local dialects of Irish and in promoting Irish language use among young people. She is looking forward to working locally and developing the Irish language in her home region.

Gaeilge Iorrais, the language steering committee for the North Mayo (Erris) Gaeltacht area, is responsible for increasing the use of the Irish language in this Gaeltacht area. Great progress has been made so far, thanks to the support and participation of the local community. We are currently finalising a program of events for the autumn. Initiatives that are underway include, for example; a co-ordinated program of Irish language classes, the Diploma sa Ghaeilge in collaboration with the University of Galway, Irish language supports for Gaeltacht scheme schools and young people in our Gaeltacht area, including Maratón na bPáistí and Club UISCE.

Keep an eye on our Facebook page, Instagram and Twitter @GaeilgeIorrais as well as www.gaeilgeiorrais.ie for all our latest news.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.